# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2021

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Páipéar I (160 marc)

## Cuid I - Cluastuiscint - 60 marc

| | | |
|---|---|---|
| **(i)** | Tuiscint | = **60** marc |
| **(ii)** | Cumas Gaeilge | - (**0-6)** |
| **(iii)** | **Iomlán** | = |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid A:** | **24 marc (Eolas)** | | |
| Fógra 1: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| Fógra 2: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | **=** | **<u>24 marc</u>** |
| **Cuid B:** | **24 marc (Eolas)** | | |
| Comhrá 1: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| Comhrá 2: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | **=** | **<u>24 marc</u>** |
| **Cuid C:** | **12 mharc (Eolas)** | | |
| Píosa 1: | 3 mharc x 2 | = | 6 mharc |
| Píosa 2: | 3 mharc x 2 | = | 6 mharc |
| | **6 + 6** | **=** | **<u>12 mharc</u>** |

**<u>24 + 24 + 12 = 60</u>**

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

## An Triail Chluastuisceana

### Cuid A

### Fógra a hAon (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá Oifigeach Gaeilge á lorg ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Beidh dualgas ar an duine a cheapfar imeachtaí a eagrú a chuirfidh an Ghaeilge chun cinn ar an gcampas. Ar na cáilíochtaí atá riachtanach don phost seo tá: Gaeilge líofa, scileanna maithe cumarsáide agus cumas maith eagrúcháin. Is é an tuarastal ná €30,000 sa bhliain. Beidh oifig ag an duine a cheapfar in Áras na Gaeilge ar an gcampas. Má tá suim agat sa phost seo, cuir litir iarratais chuig an seoladh ríomhphoist oifig@gaeilge.ie. Is é an séú lá déag de mhí Dheireadh Fómhair an dáta deireanach le haghaidh na n-iarratas.

### Fógra a Dó (Canúint na Mumhan)

Seo fógra ó Chumann na Múinteoirí Staire. Cuirfidh Cumann na Múinteoirí Staire comórtas scríbhneoireachta do scoláirí dara leibhéal ar siúl i mí Aibreáin. Tá an comórtas scríbhneoireachta seo á eagrú chun comóradh a dhéanamh ar Chogadh na Saoirse a bhí ar siúl in Éirinn idir na blianta míle naoi gcéad naoi déag agus míle naoi gcéad fiche a haon. Le cur isteach ar an gcomórtas seo, caithfidh na scoláirí taighde a dhéanamh ar phearsa a ghlac páirt sa chogadh, agus ansan cuntas a scríobh ar an tábhacht a bhain leis an bpearsa san sa chogadh. Is é ceithre mhíle focal an líon focal is airde atá ceadaithe sa chuntas. Gheobhaidh gach buaiteoir dearbhán leabhair mar dhuais. Tá gach eolas faoin gcomórtas seo le fáil ag www.stair.ie. Is é an seachtú lá is fiche de mhí Aibreáin an dáta deireanach le haghaidh na n-iontrálacha.

### Cuid B

### Comhrá a hAon (Canúint Uladh)

**An Chéad Mhír**

**Liam:** Haigh, a Nuala. Ní fhaca mé thú le tamall anuas. Cá raibh tú?

**Nuala:** Bhí mé ar saoire, a Liam. Ós rud é gur mhol an rialtas dúinn gan taisteal thar lear an samhradh seo, de bharr an choróinvíris, chaith mé féin agus mo mhuintir deich lá ar saoire anseo in Éirinn.

**Liam:** Cá ndeachaigh sibh?

**Nuala:** Chuamar go Gaoth Dobhair i nGaeltacht Thír Chonaill.

**Liam:** Cén fáth ar roghnaigh sibh ceantar Ghaoth Dobhair mar ionad saoire?

**Nuala:** Tá a lán rudaí le déanamh amuigh faoin aer sa cheantar. Bhíomar ábalta dul ar thurais lae chuig a lán áiteanna suimiúla. Agus fuaireamar teach saoire ar cíos réasúnta.

**Liam:** Cad é a dhéanadh sibh gach lá, a Nuala?

**Nuala:** Gach maidin, théinn féin agus mo mhuintir ag siúl cois trá. I ndiaidh an lóin, ghlacainn féin agus mo dheartháireacha páirt i spóirt uisce. D'imríodh mo thuismitheoirí galf ar an ghalfchúrsa áitiúil.

**An Dara Mír**

**Liam:** Cá ndeachaigh sibh ar na turais lae, a Nuala?

**Nuala:** Dhreapamar an Earagail lá amháin. Sin an sliabh is airde i gContae Dhún na nGall.

**Liam:** An raibh sé deacair dreapadh go barr na hEaragaile?

**Nuala:** Ní raibh sé ródheacair mar bhí an talamh ar an chosán tirim agus bhí bróga compordacha siúil orainn. Nuair a bhaineamar an barr amach, bhí radharc iontach againn ar an cheantar go léir thart orainn.

**Liam:** Ar thug sibh cuairt ar aon áit eile a bhí suimiúil?

**Nuala:** Bhí lá iontach againn ar Thoraigh. Chuamar isteach san oileán ar an bhád farantóireachta. Ansin, ghlacamar rothair ar cíos agus chaitheamar an lá ag rothaíocht thart faoin oileán. Thugamar cuairt ar na suíomhanna staire agus seandálaíochta atá ann.

**Liam:** Agus cad é a dhéanadh sibh gach tráthnóna, a Nuala?

**Nuala:** Ligimis ár scíth sa teach gach tráthnóna. Dhéanaimis ár gcuid béilí féin. D'imrímis cluichí boird.

**Liam:** Bhuel, a Nuala. Cén fáth a mbeifeá ag smaoineamh ar shaoire a chaitheamh i dtír ar bith eile nuair is féidir saoire iontach a chaitheamh anseo in Éirinn?

**Nuala:** Tá an ceart ar fad agat, a Liam.

**Comhrá a Dó (Canúint Chonnacht)**

**An Chéad Mhír**

**Caoimhe:** Haigh, a Sheáin. Léigh mé an cuntas ar shuíomh gréasáin do scoile ar an léiriú iontach den cheoldráma *Oilibhéa*r a chuir sibh ar stáitse i halla na scoile le déanaí. Tugadh ardmholadh duit sa chuntas as an taispeántas den scoth a thug tú i bpríomhpháirt an cheoldráma.

**Seán:** Bhuel, a Chaoimhe, táim an-sásta liom féin as an moladh a tugadh dom. Ní raibh mé ag súil leis in aon chor.

**Caoimhe:** Agus inis dom, a Sheáin, conas a fuair tú an phríomhpháirt sa cheoldráma?

**Seán:** Bhuel, bhí trialacha ar siúl do na páirteanna éagsúla sa cheoldráma. Chuir mé isteach ar na trialacha. Bhí orm cúpla amhrán a chanadh agus bhí orm píosa aisteoireachta a dhéanamh os comhair na moltóirí. Bhí sceitimíní orm nuair a fuair mé an phríomhpháirt. Ar éigean a chreid mé é.

**Caoimhe:** Maith thú, a Sheáin. An raibh ort mórán ullmhúcháin a dhéanamh roimh an léiriú stáitse?

**Seán:** Bhí, gan amhras. Bhí orm féin agus ar na haisteoirí eile na línte a chur de ghlanmheabhair, na hamhráin a chleachtadh agus barr feabhais a chur ar na rincí.

**An Dara Mír**

**Caoimhe:** Is dócha go raibh a lán cúraimí ar an bhfoireann chúlstáitse?

**Seán:** Bhí, cinnte. Rinne siad na prapaí stáitse. Réitigh siad an córas fuaime agus an soilsiú. Chabhraigh siad leis na feistis agus leis an smideadh.

**Caoimhe:** Conas a mhothaíodh tú gach oíche sula dtéadh tú amach ar an stáitse?

**Seán:** Bhínn neirbhíseach gach aon oíche. Bhíodh imní orm go ndéanfainn dearmad ar na línte nó ar na hamhráin, nó go gcaillfinn mo ghlór. Ach d'imíodh na néaróga de réir a chéile agus bhínn ar mo shuaimhneas ar an stáitse gach oíche.

**Caoimhe:** An raibh mórán daoine i láthair ag na seónna?

**Seán:** Bhí halla na scoile plódaithe ag na seónna go léir. Bhí an lucht féachana an-tógtha leis an seó gach oíche. D'éirigh siad ina seasamh chun bualadh bos a thabhairt dúinn ag deireadh gach seó.

**Caoimhe:** Rinne sibh go léir gaisce, a Sheáin.

**Seán:** Go raibh maith agat, a Chaoimhe.

## Cuid C

### Píosa a hAon (Canúint Uladh)

Sheol Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, foclóir nua Béarla-Gaeilge ar an tríochadú lá de mhí Dheireadh Fómhair dhá mhíle is fiche. Is togra de chuid Fhoras na Gaeilge é an foclóir nua clóite seo. Bhí an seoladh oifigiúil ar siúl ar líne ar leathanach Facebook Fhoras na Gaeilge. Tá sé ar an chéad mhórfhoclóir Béarla-Gaeilge a foilsíodh le breis is seasca bliain anuas. Tá suíomh an fhoclóra nua, www.foclóir.ie, ar fáil ar líne ón bhliain dhá mhíle is a trí déag. Tá tríocha a haon míle iontráil san fhoclóir nua. Tá a lán focal nua ann atá tagtha chun cinn sa Ghaeilge le roinnt blianta anuas, agus tá forlíonadh gramadaí ann atá an-úsáideach. Is é €30 an praghas atá ar an fhoclóir nua.

### Píosa a Dó (Canúint na Mumhan)

Bhuaigh an eagraíocht dhaonnúil, an Clár Bia Domhanda, Duais Nobel na Síochána anuraidh. Dúirt Coiste Nobel gur bronnadh an onóir seo ar an gClár Bia Domhanda as an obair mhór atá déanta acu chun deireadh a chur leis an ocras ar fud an domhain. Is eagraíocht dhaonnúil de chuid na Náisiún Aontaithe é an Clár Bia Domhanda a bunaíodh sa bhliain míle naoi gcéad seasca a haon. Is é an Clár Bia Domhanda an eagraíocht dhaonnúil is mó atá ag troid i gcoinne an ocrais i roinnt mhaith tíortha ar fud an domhain. Tugtar an bia chomh fada leis na daoine atá ag fulaingt leis an

ocras ar eitleáin, ar longa agus ar leoraithe. Cuireann siad cúnamh bia ar fáil nuair a tharlaíonn géarchéimeanna daonnúla de dheasca cogaí, tubaistí nádúrtha, paindéimeanna sláinte agus an athraithe aeráide.

## *Cuid A (24 marc)*

### FÓGRA A hAON (12 mharc)

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Cén ollscoil a chuir amach an fógra seo? | (Ollscoil) na hÉireann, Gaillimh **3 mharc**<br>Gaillimh = 3 mharc<br>Éireann/Éirinn/Éire = 2 mharc |
| Cén cineál Gaeilge atá riachtanach don phost seo? | Líofa **3 mharc** |
| Cén tuarastal a gheobhaidh an duine a cheapfar? | €30,000 **3 mharc**<br>Tríocha míle = 3 mharc<br>30,000 = 3 mharc |
| Cén seoladh ríomhphoist ar chóir litir iarratais a chur chuige? | oifig@gaeilge.ie **3 mharc** |

### FÓGRA A DÓ (12 mharc)

**1.** **(a)** Cén cumann a chuir amach an fógra seo? **3 mharc**

Na Múinteoirí Staire = 3 mharc
Na múinteoirí = 2 mharc
Múinteoir = 2 mharc

**(b)** Cad a bhí ar siúl in Éirinn idir na blianta 1919 agus 1921? **3 mharc**

Cogadh na Saoirse = 3 mharc
Cogadh = 2 mharc

**2.** **(a)** Cad é an líon focal is airde atá ceadaithe sa chuntas? **3 mharc**

Ceithre mhíle focal = 3 mharc
4,000 focal = 3 mharc
4,000 = 3 mharc

**(b)** Cén cineál dearbháin a gheobhaidh gach buaiteoir mar dhuais? **3 mharc**

Leabha(i)r = 3 mharc

## *Cuid B (24 marc)*

**COMHRÁ A hAON (12 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá fhad a chaith Nuala agus a muintir ar saoire? **3 mharc**

10 lá = 3 mharc

**2.** Cá dtéadh Nuala agus a deartháireacha ag siúl gach maidin? **3 mharc**

Cois trá = 3 mharc
Ar an trá/trá = 3 mharc
Cois farraige = 3 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Cad a ghlac Nuala agus a muintir ar cíos ar Thoraigh? **3 mharc**

Rotha(i)r = 3 mharc

**2.** Cad a d'imríodh Nuala agus a muintir sa teach gach tráthnóna? **3 mharc**

Cluichí boird = 3 mharc
Cluiche/cluichí = 3 mharc

**COMHRÁ A DÓ (12 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cár cuireadh an ceoldráma *Oilibhéar* ar stáitse le déanaí? **3 mharc**

Halla na scoile = 3 mharc
Halla = 2 mharc
Sa scoil = 2 mharc
I scoil Sheáin = 3 mharc

**2.** Scríobh síos rud **amháin** a bhí le déanamh ag Seán ag na trialacha don cheoldráma. **3 mharc**

Cúpla amhrán (a chanadh) = 3 mharc
Amhrán/Amhráin a chanadh = 3 mharc
Amhrán/Amhráin = 3 mharc
Canadh = 3 mharc
Píosa aisteoireachta a dhéanamh = 3 mharc
Aisteoireacht a dhéanamh = 3 mharc
Aisteoireacht = 3 mharc

*An Dara Mír*

**1.** Conas a mhothaíodh Seán gach oíche sula dtéadh sé amach ar an stáitse? **3 mharc**

Neirbhíseach = 3 mharc
Imníoch = 3 mharc
Néaróga ag cur as dó = 3 mharc

**2.** Cad a thug an lucht féachana do na haisteoirí ag deireadh gach seó? **3 mharc**

Bualadh bos = 3 mharc

## *Cuid C (12 mharc)*

**PÍOSA A hAON (6 mharc)**

**1.** Cé a sheol an foclóir nua Béarla-Gaeilge ar an 30 Deireadh Fómhair 2020? **3 mharc**

Uachtarán na hÉireann = 3 mharc
Micheál D. Ó hUiginn = 3 mharc
Uachtarán = 2 mharc
An tUachtarán Ó hUiginn = 3 mharc
Micheál D = 2 mharc

**2.** Cén praghas atá ar an bhfoclóir nua Béarla-Gaeilge? **3 mharc**

€30 = 3 mharc
30 = 3 mharc

**PÍOSA A DÓ (6 mharc)**

**1.** Cad a bhuaigh an Clár Bia Domhanda anuraidh? **3 mharc**

Duais Nobel na Síochána = 3 mharc
Duais Nobel = 3 mharc
Duais na Síochána = 2 mharc
Nobel na Síochána = 2 mharc
Nobel = 2 mharc
Duais = 1 mharc

**2.** Scríobh síos bealach **amháin** a dtugtar an bia chomh fada leis na daoine atá ag fulaingt leis an ocras. **3 mharc**

Ar eitleáin/ar eitleán = 3 mharc
Ar longa/ar long = 3 mharc
Ar bháid/ar bhád = 3 mharc
Ar leoraithe/ar leoraí = 3 mharc

Eolas (60) =

Gaeilge (0-6) =

Móriomlán (60) =

## Cuid II – Ceapadóireacht – (100 marc)

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

**I gcás A, B, C agus D (Dhá cheann le freagairt)**

Leathleathanach nó breis:

| | |
|---|---|
| Tasc | = 2 mharc |
| Ábhar | = 8 marc |
| Cumas Gaeilge | = 40 marc |
| | = 50 marc x 2 = **100 marc** |

An Tasc (2 mharc)
Tá 2 mharc le bronnadh má chomhlíontar an tasc, má éiríonn leis an iarrthóir Giota Leanúnach/ Blag **nó** Scéal **nó** Litir/Ríomhphost **nó** Comhrá a scríobh.

An tÁbhar (8 marc)
Tá 8 marc ag dul don ábhar. Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.
**Gearrfar pionós ar iarrachtaí ceapadóireachta nach bhfuil ad rem**.

An Cumas Gaeilge (40 marc)
Tá **dhá** ghné i gceist le cumas:

(i) Cumas Gaeilge = Fairsinge, saibhreas agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra (foclóir cuí, oiriúnach, dul na Gaeilge, nathanna cainte agus frásaí oiriúnacha)

**agus**

(ii) Cruinneas Gaeilge = Beachtas maidir le cruinnúsáid phríomhghnéithe de cheart na Gaeilge (struchtúir/comhréir na teanga, aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, réamhfhocail, claoninsint...) agus litriú

**Nóta**: Is ceart creidiúint a thabhairt do dhea-Ghaeilge le tic a chur leis na múnlaí maithe cainte agus is ceart na mórbhotúin sa teanga a mharcáil trí líne a chur fúthu.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 2 (Tasc), an marc a bhronntar as 8 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 40 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na n-iarrachtaí ceapadóireachta.

T (Tasc) (2) =

Á (Ábhar) (8) =

G (Gaeilge) (40) =

| Réimse | | | Catagóir | 40 |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| **Sármhaith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 95% | 38 |
| | | Meánach | 90% | 36 |
| | | Íseal | 85% | 34 |
| **An-mhaith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 80% | 32 |
| | | Meánach | 75% | 30 |
| | | Íseal | 70% | 28 |
| **Maith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 65% | 26 |
| | | Meánach | 60% | 24 |
| | | Íseal | 55% | 22 |
| **Maith go leor** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 50% | 20 |
| | | Meánach | 45% | 18 |
| | | Íseal | 40% | 16 |
| **Lag** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 35% | 14 |
| | | Meánach | 30% | 12 |
| | | Íseal | 25% | 10 |
| **An-lag** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 20% | 8 |
| | | Meánach | 15% | 6 |
| | | Íseal | 10% | 4 |
| **Easnamhach** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | | 5% | 2 |

**Páipéar II (150 marc)**

**CEIST 1 (A + B) - LÉAMHTHUISCINT - 100 marc**

Freagair **A** *agus* **B** anseo.
**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.
**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

**A – (50 marc)**

**An Nua-theicneolaíocht agus an Ghaeilge**

**1.** (a) Tabhair **dhá** úsáid a bhaintear as an idirlíon. (Alt 1)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad úsáid atá ceart = **3** mharc; an dara húsáid atá ceart = **2** mharc

- Bíonn an nuacht is déanaí ó gach áit ar domhan le fáil ar an idirlíon
- Faighimid eolas ar gach ábhar ar líne
- Seoltar teachtaireachtaí go tapa ar an ríomhphost
- Baintear úsáid as suíomhanna ar an ngréasán domhanda chun earraí a dhíol **agus** a cheannach = 2 úsáid = 3 mharc + 2 mharc = 5 mharc
- Baintear úsáid as suíomhanna ar an ngréasán domhanda chun earraí a dhíol
- Baintear úsáid as suíomhanna ar an ngréasán domhanda chun earraí a cheannach
- Déantar baincéireacht ar líne

(b) Scríobh síos **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an bhfón cliste. (Alt 1)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad bhuntáiste atá ceart = **3** mharc; an dara buntáiste atá ceart = **2** mharc

- Is féidir cnaipe a bhrú agus teagmháil a dhéanamh go tapa le duine eile
- Mothaíonn daoine sábháilte nuair a bhíonn fón cliste acu
- Is féidir grianghraif a thógáil air
- Tá fáil ar an ngréasán domhanda air
- Is féidir féachaint ar fhíseáin ar an bhfón cliste/air
- Is féidir éisteacht le ceol ar an bhfón cliste/air

**2.** (a) Scríobh síos **dhá** rud a dhéanann daoine ar na líonraí sóisialta éagsúla. (Alt 2)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Déanann daoine cumarsáid le chéile
- Cruthaíonn daoine próifíl díobh féin
- Cuireann siad síos ar a saol
- Uaslódálann siad pictiúir
- Uaslódálann siad físeáin
- Roinneann siad eolas

- Roinneann siad scéalta
- Fanann siad i dteagmháil le chéile trí ghlaonna idirlín agus físe
- Uaslódálann siad pictiúir **agus** físeáin = 2 rud = 3 mharc + 2 mharc = 5 mharc
- Roinneann siad eolas **agus** scéalta = 2 rud = 3 mharc + 2 mharc = 5 mharc

(b) Luaigh **dhá** phíosa eolais faoi YouTube. (Alt 2)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Bunaíodh YouTube sa bhliain 2005
- Tá na mílte físeán ar fáil ar YouTube
- Tá na mílte amhrán ar fáil ar YouTube
- Is féidir le duine seinnliosta de na físeáin is fearr leis a chur le chéile ar an ardán
- Baineann a lán daoine taitneamh as ardán YouTube

**3.** (a) Cad is féidir le lucht féachana TG4 ar fud an domhain a fháil ar Sheinnteoir TG4? (Alt 3)

**5 mharc**

- Cláir agus ábhair chraolta = 5 mharc
- Cláir = 5 mharc
- Ábhair chraolta = 5 mharc

(b) Conas atá a fhios againn go bhfuil www.tuairisc.ie ag dul ó neart go neart? (Alt 3)

**5 mharc**

- Thug breis is 330,000 léitheoir cuairt ar www.tuairisc.ie in 2020, an líon is mó léitheoirí a thug cuairt ar an suíomh ó bunaíodh an tseirbhís nuachta sin in 2014 = 5 mharc
- Thug breis is 330,000 léitheoir cuairt ar www.tuairisc.ie in 2020 = 3 mharc

**4.** (a) Scríobh síos **dhá** úsáid a bhaineann eagraíochtaí Gaeilge as na meáin shóisialta. (Alt 4)

**3 mharc + 2 mharc** = **5 mharc**

An chéad úsáid atá ceart = **3** mharc; an dara húsáid atá ceart = **2** mharc

- Chun eolas a scaipeadh faoi obair na n-eagraíochtaí Gaeilge
- Chun eolas a scaipeadh faoi imeachtaí a bhíonn ar siúl acu
- Chun eolas a scaipeadh faoi chomórtais a bhíonn ar bun acu

(b) Cén fáth a n-eagraíonn Conradh na Gaeilge Lá na Meán Sóisialta mar chuid de Sheachtain na Gaeilge? (Alt 4)

**5 mharc**

- Le daoine a spreagadh postáil as Gaeilge a chur in airde ar na meáin shóisialta = 5 mharc
- Le daoine a spreagadh postáil as Gaeilge = 3 mharc

**5.** (a) Scríobh síos **dhá** rud atá le fáil ar shuíomh an fhoclóra Béarla-Gaeilge, www.foclóir.ie. (Alt 5)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- A lán focal nua-aimseartha
- Eolas gramadaí
- Eolas foghraíochta

(b) Cad atá ar fáil ar an suíomh gréasáin www.dúchas.ie? (Alt 5)

**5 mharc**

- Tá scéalta **nó** amhráin **nó** grianghraif **nó** lámhscríbhinní **as gach áit in Éirinn** air = 5 mharc
- Scéalta **nó** amhráin **nó** grianghraif **nó** lámhscríbhinní = 3 mharc
- Ábhar béaloidis = 5 mharc
- Béaloideas na hÉireann = 5 mharc
- Cultúr traidisiúnta na hÉireann = 5 mharc
- Béaloideas = 3 mharc

**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Léireofar an pionós sna freagraí mar seo a leanas:

Marc bronnta – marc bainte (iom.) = …

Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

Eolas (50 marc) =

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

E (50) =
G (0-5) = -
Iom =

**B – (50 marc)**

**Scéalta ó shaol an spóirt in 2020**

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.
**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

**1.** (a) Scríobh síos an **dá** ghaisce a rinne an rothaí proifisiúnta Éireannach, Sam Bennett, sa rás mór rothaíochta, an *Tour de France*, Dé Domhnaigh, 20 Meán Fómhair 2020. (Alt 1)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad ghaisce atá ceart = **3** mharc; an dara gaisce atá ceart = **2** mharc

- Bhuaigh sé an chéim dheireanach (den rás ar an Champs-Élysées i bPáras)
- Bhuaigh sé geansaí glas (an rása chomh maith)

(b) Tabhair **dhá** chúis mhórtais a bhí ag an réalta spóirt, Katie Taylor, in 2020. (Alt 1)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chúis mhórtais atá ceart = **3** mharc; an dara cúis mhórtais atá ceart = **2** mharc

- Is í Katie Taylor curadh an domhain sa rannóg éadrom-mheáchain
- Rinne Katie a craobhacha domhanda a chosaint faoi dhó i rith na bliana
- Fuair sí an ceann is fearr ar a céilí comhraic sa dá throid
- D'ainmnigh Cumann Dornálaíochta an Domhain í mar 'Dhornálaí Ban na Bliana'

**2.** (a) Luaigh **dhá** phíosa eolais faoin gcaoi ar éirigh le foireann sacair Phoblacht na hÉireann i gCorn an Domhain i 1990. (Alt 2)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Bhain siad áit amach i gCorn an Domhain den chéad uair
- D'éirigh leo dul chomh fada leis na babhtaí ceathrú ceannais
- D'imir siad in aghaidh na hIodáile ach chaill siad an cluiche sin

(b) Scríobh síos an **dá** chúis ar moladh Caoimhín Kelleher, cúl báire fhoireann sacair Learphoill, i ndiaidh an chluiche in aghaidh Ajax. (Alt 2)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chúis atá ceart = **3** mharc; an dara cúis atá ceart = **2** mharc

- Rinne sé trí shábháil den scoth
- Níor lig sé aon chúl isteach

**3.** (a) Cén gaisce a rinne foireann sinsir Bhaile Átha Cliath i bpeil na bhfear i mí na Nollag seo caite? (Alt 3)

**5 mharc**

- Bhuaigh siad Craobh na hÉireann sa pheil den séú huair as a chéile = 5 mharc

(b) Cén fáth a bhfuil ainm an iarthráchtaire, Micheál Ó Muircheartaigh, luaite i Leabhar Curiarrachtaí Guinness? (Alt 3)

**5 mharc**

- Is é an tráchtaire spóirt is faide a bhí ag tráchtaireacht ar chluichí beo é = 5 mharc

**4.** (a) Cad a tharla i bPáirc an Chrócaigh ag cluiche peile idir Tiobraid Árann agus Baile Átha Cliath ar an 21 Samhain 1920? (Alt 4)

**5 mharc**

- Tharla an lá is duairce a bhí ag Cumann Lúthchleas Gael riamh
- Maraíodh ceithre dhuine dhéag nuair a scaoil Arm na Breataine urchair leis an slua
- Gortaíodh go leor eile nuair a scaoil Arm na Breataine urchair leis an slua
- Bhí imreoir amháin, Michael Hogan i measc na ndaoine a maraíodh
- Maraíodh ceithre dhuine dhéag
- Gortaíodh go leor eile
- Scaoil Arm na Breataine urchair leis an slua

(b) Scríobh síos **dhá** rud a tharla ag an searmanas cuimhneacháin i bPáirc an Chrócaigh ar an 21 Samhain anuraidh. (Alt 4)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Thug Cumann Lúthchleas Gael ómós do na ceithre dhuine dhéag a maraíodh
- Lasadh ceithre lasair déag (ar Chnoc 16, lasair do gach duine a maraíodh)
- Leagadh bláthfhleasc (ar an bpáirc san áit ar maraíodh Michael Hogan an lá sin i 1920)

**5.** (a) Tabhair **dhá** rud atá ar fáil san iris nua *Cuaille* a sheol Cumann Lúthchleas Gael. (Alt 5)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Ailt faoi chlubanna na gcluichí Gaelacha
- Agallaimh le himreoirí idirchontae
- Ceistneoirí le himreoirí idirchontae

(b) Luaigh **dhá** phíosa eolais a tugadh faoi na laochra spóirt sa tsraith *Laochra Gael* ar TG4. (Alt 5)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Insíodh scéal pearsanta na laochra sin
- Tugadh cuntas ar na gaiscí a rinne siad (ar pháirc na himeartha)
- Tugadh cuntas ar an gceangal atá ag an spórt a imríonn siad lena gceantar féin

**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Léireofar an pionós sna freagraí mar seo a leanas:

Marc bronnta – marc bainte (iom.) = …

Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

Eolas (50 marc) =

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

E (50) =
G (0-5) = -
Iom =

## 2A – PRÓS AINMNITHE

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

**(a) Hurlamaboc** **(25 marc)**

Freagair na ceisteanna thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

(i) Cén fáth a mbeidh cóisir i dteach Albright?

(**5** mharc)

**Freagraí samplacha:**

- Lisín agus Pól ag ceiliúradh fiche bliain a bpósta
- Lisín agus Pól ag ceiliúradh a bpósta
- Lisín agus Pól pósta le fiche bliain
- Lisín agus Pól pósta

(ii) Déan cur síos ar na hullmhúcháin atá déanta ag Lisín don chóisir.
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **2** mharc

(**5** mharc)

**Freagraí samplacha:**

- D'eagraigh Lisín an chóisir
- D'ordaigh sí gloiní agus fíon
- Bhí an reoiteoir lán le pióga
- Bhí an reoiteoir lán le hispíní
- Bhí an reoiteoir le bradán
- Bhí arán lámhdhéanta ar fáil
- Bhí péint nua ar na ballaí
- Bhí snas ar na hurláir
- Bhí bláthanna sna prócaí
- Fuair Lisín reoiteoir eile ar cíos agus bhí sé lán le bia (deas nó milis)
- Má bhíonn an aimsir go deas, beidh an chóisir amuigh sa ghairdín agus gheobhaidh Lisín boird agus cathaoireacha ar iasacht ó na comharsana
- Má bhíonn sé ag cur báistí, rachaidh siad isteach sa teach agus toisc gur teach mór é beidh spás ann do gach duine

(iii) Tabhair **dhá** phointe eolais faoi na mná eile ar Ascaill na Fuinseoige.
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **2** mharc

(**5** mharc)

**Freagraí samplacha:**

- Bhí siad ardnósach
- Bhí siad dathúil

- Bhí siad faiseanta
- Gruaig fhionn a bhí ar na máithreacha go léir
- Ní raibh gruaig liath ar bhean ar bith
- Thaitin an faisean/éadaí galánta leo
- Ní théadh siad aon áit gan smideadh orthu
- Bhí bean amháin le gruaig dhubh ar an mbóthar, Eibhlín, máthair Emma Ní Loingsigh agus cheap na comharsana go raibh sí saghas aisteach
- Nuair a bhíodh na mná ag cur amach na mboscaí bruscair, bhíodh gúnaí oíche deasa orthu agus gruaig néata
- Bhí Lisín chun tosaigh ar na mná ar fad
- Bhí Lisín níos faiseanta/níos néata ná aon duine eile

(iv) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi Phól, fear céile Lisín.
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **2** mharc

(**5** mharc)

**Freagraí samplacha:**

- Bhí sé bocht/ag obair i siopa/anabaí nuair a bhuail Lisín leis
- Bhí Pól saibhir anois
- Bhí sé ag ceannach stoc ar an idirlíon
- Bhí tithe aige thar lear
- Bhí árasáin aige thar lear
- Bhailigh sé cíos ó na tithe/na hárasáin a bhí aige
- Bhí raidhse mór airgid/bhí a lán airgid aige/bhí ag éirí go sármhaith leis anois
- Bhí an t-airgead go léir infheistithe aige
- Ní raibh air mórán cánach a íoc
- Bhí sé ina léachtóir ollscoile/ina léachtóir i gcúrsaí gnó
- Bhí sé eolach/cliste/ciallmhar
- Bhí Lisín bródúil as
- Bhí meas ag daoine air

(v) 'Bean ghnóthach ba ea Lisín agus bhí a lán rudaí eile ar siúl aici taobh amuigh den teach.'
Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin gcuid sin de shaol Lisín.
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **2** mharc

(**5** mharc)

**Freagraí samplacha:**

- Bhí baint aici le clubanna leabhar
- Bhí baint aici le clubanna a thugadh cainteanna ar stair áitiúil/ar gheolaíocht áitiúil/ ar litríocht áitiúil
- Théadh sí chuig cainteanna faoi ghairdíní deasa/faoi conas an teach a mhaisiú go hálainn
- Théadh sí chuig ranganna teanga/chuig ranganna teanga sa Spáinnis/sa Rúisis/ sa tSínis/sa tSeapáinis
- Bhí baint aici le clubanna a thugadh cabhair do na daoine bochta
- Thaitin scannáin/drámaí léi

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

**(b) Cáca Milis** **(25 marc)**

Tabhair cuntas ar na rudaí a tharlaíonn ón uair a shuíonn an fear dall, Paul, os comhair Catherine sa charráiste traenach go dtí deireadh an scannáin.

**5** phointe eolais agus **5** mharc ar gach pointe eolais
(**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais agus **3** mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha:**

- Tá Catherine ar an traein ag iarraidh éalú óna máthair ar feadh tamaill
- Ba mhaith léi a leabhar grá a léamh agus tá ciúnas ag teastáil uaithi
- Tagann Paul isteach go torannach glórach sa charráiste
- Suíonn sé síos trasna ó Catherine agus is léir nach bhfuil sí sásta
- Leanann sé ar aghaidh ag insint an scéil faoin asma a bhí air le blianta
- Míníonn Paul do Catherine go raibh sé ar an raidió ag caint faoin asma
- Tá cuma fheargach chrosta ar Catherine toisc nach stopann Paul ag caint
- Níl Catherine in ann a leabhar grá a léamh
- Tá Catherine míshona/ar buile nuair a iarrann Paul uirthi ceist a chur air faoi na radhairc atá taobh amuigh den fhuinneog
- Freagraíonn Paul i gceart ach deir Catherine leis go bhfuil dul amú air. Deir sí leis go bhfuil loch agus báid taobh amuigh den fhuinneog
- Tá Paul trína chéile ar fad
- Nuair a fhaigheann Paul an caife ón bhfreastalaí, diúltaíonn Catherine an siúcra a chur isteach sa chaife dó
- Is fuath le Catherine Paul nuair a dhéanann sé torann agus é ag ithe agus ag ól
- Deir Catherine go bhfuil péist sa cháca atá á ithe aige
- Iarrann sé analóir uirthi ach tógann Catherine ina lámh é. Cuireann sí síos ar an mbord é ach ní féidir le Paul breith air
- Titeann Paul i laige. Fágann Catherine Paul chun bás a fháil agus fágann sí an traein

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

**nó**

**An Lasair Choille** **(25 marc)**

Tabhair cuntas ar an gcineál saoil a bhí ag an bhfear óg, Séamas, agus é ag tabhairt aire don seanfhear, Micil, sa dráma *An Lasair Choille*.

**5** phointe eolais agus **5** mharc ar gach pointe eolais
(**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais agus **3** mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha:**

- Is léir go bhfuil Séamas agus Micil ag brath ar a chéile
- Tá Séamas ag cabhrú le Micil le dhá bhliain déag
- Tá Séamas faoi smacht Mhichil
- Is cláiríneach é Micil agus fanann sé sa leaba gach lá agus tugann Séamas aire dó
- Bíonn Micil ag brath ar Shéamas chun gach rud a dhéanamh dó
- Nuair a deir Séamas le Micil gur mhaith leis dul go Sasana, tá Micil ar buile toisc nár mhaith leis Séamas a chailleadh
- Tá saol dian ag Séamas nuair a thosaíonn Micil ag magadh faoi agus glaonn sé 'amadán' air; 'níl éirim sciortáin ionat'. Deir sé freisin go gcuireann na *fits* isteach ar Shéamas Cailleann Séamas misneach agus ceapann sé go mbíonn gach duine ag magadh faoi
- Tagann an cailín isteach agus ligeann sí uirthi gur Iníon Iarla Chonnacht í agus go bhfuil saoirse uaithi óna hathair
- Ba mhaith léi dul go Sasana le Séamas
- Ba bhreá le Séamas dul go Sasana le Míoda ach níl fonn air Micil a fhágáil ina aonar
- Tosaíonn Míoda ag magadh faoi agus á mhaslú
- Geallann Micil an teach agus an talamh do Shéamas mar ní bheidh aon duine ann chun aire a thabhairt dó
- Cé go gcuireann an cailín dallamullóg ar Shéamas, osclaíonn sí a shúile dó
- Nuair a ligeann Séamas Binncheol saor, tosaíonn an t-éan ag canadh
- Tá tuiscint ag Séamas ar shaoirse anois

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

**(c) Dís** **(25 marc)**

''Sheáin?...Cuir síos an páipéar agus bí ag caint liom,' arsa a bhean chéile leis.
Déan cur síos ar an gcomhrá idir Seán agus a bhean chéile an tráthnóna sin sa ghearrscéal *Dís*.

**5** phointe eolais agus **5** mharc ar gach pointe eolais
(**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais agus **3** mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha:**

- Bhí an bhean chéile ag impí ar Sheán labhairt léi ach ní raibh fonn cainte ar Sheán
- Bhí fearg ar an mbean chéile mar cheap Seán go raibh an páipéar níos tábhachtaí ná í féin
- Dúirt an bhean chéile go raibh sí (agus a fear céile) sa pháipéar ach ní fhaca sé í (iad) ann
- Dúirt an bhean chéile gur ghlac sí páirt i suirbhé a léirigh go raibh an ceathrú cuid de mhná pósta na tíre míshona/míshásta
- Tháinig bean go dtí an doras i mí Eanáir agus bhí suirbhé á dhéanamh aici
- Bhí an bhean chéile míshásta/míshona mar is beag meas atá ag aon duine ar mhná a dhéanann obair an tí
- Bhí fearg ar Sheán gur thug a bhean chéile gach eolas don strainséir faoin mbeirt acu
- Dúirt an bhean chéile le Seán a ghlór a ísliú nó go ndúiseodh sé an leanbh
- Bhí bean an tsuirbhé ag súil le leanbh
- Bhí bean an tsuirbhé agus a fear céile ina gcónaí in árasán ach ní ligfeadh an t-úinéir aon leanbh isteach ann
- Bhí plean ag an mbean chéile an post a dhéanamh fad is a bheadh bean an tsuirbhé ar shaoire mháithreachais
- Theastaigh ón mbean chéile sorn a cheannach leis an airgead ón bpost
- Bhí fearg ar Sheán go mbeadh a bhean chéile ag dul ó dhoras go doras leis an leanbh ina baclainn aici
- Dúirt an bhean chéile ansin nach raibh sí míshona agus nár inis sí an fhírinne sa suirbhé
- Rinne Seán rud éigin an mhaidin sin/an oíche roimhe sin agus chuir sé sin fearg ar an mbean chéile
- Bhí cupán caife ag an mbean chéile le bean an tsuirbhé an mhaidin sin
- Bhí an teach bunoscionn agus bhí an bille ESB tar éis teacht
- Thosaigh an bhean chéile ag caint faoi na Sínigh fadó agus an nós a bhíodh acu an bhean a dhó nuair a chailltí an fear
- Ba mhaith leis an mbean chéile leabhar dearg Mao a léamh nuair nach bhfaigheadh sí an páipéar/nuair nach mbeadh aon duine ann le labhairt léi
- Thuig an bhean chéile go raibh bean an tsuirbhé ag insint bréag chun go bhfreagródh sí a cuid ceisteanna
- Bhí fearg ar an mbean chéile gur fhreagair sí a ceisteanna/gur thug sí caife di

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

## 2B – PRÓS ROGHNACH

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

**(a)** Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa ghiota sin. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa ghiota.

**(25 marc)**

An phríomhphearsa (an príomhcharachtar) a ainmniú = **1** mharc
Na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin = **22** marc
**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **dá** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais eile)

(**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*
Teideal an úrscéil **= 1** mharc
Ainm an údair = **1** mharc

(**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

**(b)** Freagair an cheist thíos faoin scannán roghnach **nó** faoin dráma roghnach.

Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scannán sin.

**(25 marc)**

Na príomhimeachtaí (príomhrudaí) = **23** marc
**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **trí** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar an **dá** phointe eolais eile)

(**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*
Teideal an scannáin = **1** mharc
Ainm an scríbhneora = **1** mharc

(**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

**nó**

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa dráma sin.

**(25 marc)**

Na príomhimeachtaí (príomhrudaí) = **23** marc
**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **trí** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar an **dá** phointe eolais eile)

(**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an dráma = **1** mharc
Ainm an scríbhneora = **1** mharc

(**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

**(c)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an ghearrscéil sin, dar leat. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a léiríonn an príomhthéama sin sa ghearrscéal.

**(25 marc)**

An príomhthéama a lua = **1** mharc
Na heachtraí is mó a léiríonn an príomhthéama sin = **22** marc

**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **dá** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais eile)

(**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn*.

Teideal an ghearrscéil = **1** mharc
Ainm an údair = **1** mharc

(**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

## 3A – FILÍOCHT AINMNITHE

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

**(a) An Spailpín Fánach** (**25** marc)

(i) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den spailpín a thugtar dúinn i véarsa a haon den dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Íomhá bhrónach den spailpín atá i véarsa a haon
- Tá saol crua aige le fada an lá
- Is oibrí feirme bocht/truamhéalach é
- Bíonn an spailpín fánach ag taisteal ó áit go háit/timpeall na tíre
- Tá sláinte an spailpín fíorthábhachtach dó chun gur féidir leis a chuid oibre a dhéanamh i gceart
- Bíonn an spailpín amuigh ag obair sna páirceanna/ar an bhféar fliuch go luath ar maidin
- Piocann sé suas galair a mhaireann trí mhí
- Bíonn sé tinn go minic
- Tá sé tinn tuirseach den saol seo
- Íomhá den spailpín mar shaighdiúir ag troid leis na *croppies*
- Píce agus bata aige chun duine a shá

Nóta: Línte cuí díreach as véarsa a haon gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(ii) Cén t-eolas a thugtar dúinn faoi shaol an spailpín i véarsa a dó? (Is leor **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**.) (**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Bíonn saol suimiúil aige ag taisteal ar fud na tíre - Cluain Meala, Tiobraid Árann, Carraig na Siúire, Callainn, Durlas
- Bíonn sé ag baint an fhéir
- Bíonn sé ag obair le súiste/súiste ina lámha aige
- É fostaithe toisc go bhfuil sé breá láidir mar oibrí
- É níos fearr ná na spailpíní eile
- Náire ar an spailpín nuair a chloiseann sé 'Sin chu'ibh an spailpín fánach!'

Nóta: Línte cuí díreach as véarsa a dó gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(iii) Conas a mhothaíonn an spailpín agus é 'ar mhargadh na saoire' i véarsa a trí?
Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, a mothaíonn an spailpín mar sin. (**9** marc)

Mothúchán = **1** mharc (míshásta, fearg, náire, imní, brón…)
**Dhá** fháth = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Tá an spailpín míshásta mar ní thaitníonn margadh na saoire leis i mbailte cosúil le Caiseal...níl an spailpín sásta a bheith suite in aice leis an mballa ag margadh na saoire...
- Bíonn náire air a bheith ar thaobh na sráide...bíonn na huaisle/na Sasanaigh ag teacht ar chapaill ag cur ceisteanna ar an spailpín an bhfuil sé fostaithe…
- Tá an spailpín imníoch mar cuireann an obair a dhéanann sé a shláinte i mbaol...nuair a bhíonn sé fostaithe, bíonn ar an spailpín dul ag siúl ar thuras fada…

Nóta: Mothúchán agus línte cuí díreach as véarsa a trí gan rian an iarrthóra ar na fáthanna = **1** mharc + **2** mharc + **2** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

**(b) Mo ghrá-sa (idir lúibíní)** (**25** marc)

(i) Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, a thugann an file dúinn faoin bhfear sna línte 1-12 den dán. (**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Níl an fear cosúil le bláth na n-airní
- Fásfaidh nóiníní as a chluasa nuair a bheidh sé curtha sa talamh
- Ní haon sruthán ceolmhar iad a shúile
- Níl cuma cheolmhar ar a shúile
- Níl dath glas ar a shúile
- Tá a shúile róchóngarach/róghar dá chéile

Nóta: Dhá líne chuí as na línte 1-12 gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(ii) Cad a deir an file faoi ghruaig an fhir sna línte 13-16 den dán?
(Is leor **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**.) (**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Níl gruaig an fhir cosúil le síoda
- Tá a ghruaig cosúil le gruaig dhubh bhean Shakespeare

- Tá gruaig an fhir cosúil le wire deilgní/le sreang dheilgneach

Nóta: Línte cuí as na línte 13-16 gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(iii) Cén cineál duine é an fear sna línte 17-21 den dán?
Cuir fáthanna, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (**9** marc)

An cineál duine = **1** mharc
**Dhá** fháth = **4** mharc + **4** mharc

**An cineál duine:** cneasta, fial, flaithiúil, rómánsúil, grámhar …
**Fáthanna Samplacha:**
Duine grámhar is ea an fear sa dán seo mar tugann sé úlla agus caora fíniúna don bhean…
Tá an fear fial mar tugann sé bronntanais don bhean…

Nóta: An cineál duine agus línte cuí as na línte 17-21 gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **1** mharc + **2** mharc + **2** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

**(c) Géibheann** (**25** marc)

(i) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an gcineál saoil atá ag an ainmhí sna línte 1-8 den dán.
(Is leor **dhá** phointe eolais.) (**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**
- Ainmhí fiáin atá i gceist
- Bhí cónaí air sna trópaicí
- Bhí clú agus cáil air de bharr a chrutha agus a áilleachta
- Bhí sé láidir/lán de dhínit/lán de spiorad
- Ainmhí bródúil/mórtasach agus cumhachtach ba ea é
- Bhí sé ábalta crainn na foraoise a luascadh lena bhúir
- Bhí sé ina thimpeallacht nádúrtha féin
- Bhí sé saor/bhí spás aige
- Bhí meas ag daoine air
- Bhí sé neamhspleách

Nóta: Dhá líne chuí as na línte 1-8 gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(ii) Conas a mhothaíonn an t-ainmhí sna línte 9-17 den dán, dar leat?
Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, a mothaíonn an t-ainmhí mar sin. (**8** marc)

Mar a mhothaíonn sé = **1** mharc
**Dhá** fháth = **4** mharc + **3** mharc

**Freagraí samplacha:**

**Mothúcháin** = trua, brón, díomá, frustachas, fearg, éadóchas, tuirse, uaigneas, neamhshuim, eagla, lagmhisneach, míshástacht… = **1** mharc

- Níl an t-ainmhí sásta…níl ach crann amháin os a chomhair…níl saoirse ar bith aige…ní ligfidh éinne amach é…
- Tá a spiorad caillte/briste…tá sé taobh thiar de bharraí iarainn/gan spás/mar thaispeántas…
- Is fuath leis an saol atá aige…níl sé ina thimpeallacht nádúrtha…tá sé i ngéibheann…
- Tá tuirse air…ní osclaíonn sé ach súil amháin…níl le déanamh aige ach féachaint ar an gcrann aonraic…

Nóta: Dhá líne chuí as na línte 9-17 gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(iii) An maith leat an dán seo?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (**9** marc)

Is maith/Ní maith = **1** mharc
**Dhá** fháth = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Ní maith liom an dán – tá trua agam don ainmhí/níl an t-ainmhí sásta/tagann cuairteoirí lá i ndiaidh lae ag féachaint air/níl aon duine sásta é a ligean saor/níl ann ach taispeántas anois/tá an saol sa zú mínádúrtha d'ainmhí fiáin mar é…
- Is maith liom an téama – na difríochtaí idir an t-ainmhí saor agus anois, tá frustrachas air/tá sé in ísle brí sa zú…
- Ní maith liom na híomhánna sa dán – tá íomhá den zú brónach/tá an t-ainmhí míshásta leis na sluaite daoine a thugann cuairt air…
- Is maith liom an dán – is dán simplí é/is breá liom an meafar/an íomhá sa dán/is maith liom na mothúcháin sa dán/tá an dán suimiúil/éifeachtach…

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) =

## 3B – FILÍOCHT ROGHNACH

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**

**(a)** (i) Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin. (**9** marc)

**Dhá** phointe eolais = **5** mharc + **4** mharc

(ii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán?
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (**7** marc)

An íomhá (an pictiúr) is mó a thaitníonn leat = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán. (**7** marc)

An mothúchán is láidre = **1** mharc
**Dhá** shampla = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)
Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

**(b)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán. (**9** marc)

Príomhthéama an dáin = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

(ii) Luaigh íomhá (pictiúr) **amháin** ón dán atá suimiúil, dar leat.
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (**7** marc)

An íomhá (an pictiúr) = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

(iii) Déan cur síos ar an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Is leor **dhá** phointe eolais. (**7** marc)

An mothúchán is láidre = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)

Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

**(c)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa **agus nár úsáid tú i gcuid (b) thuas**, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin. (**9** marc)

**Dhá** phointe eolais = **5** mharc + **4** mharc

(ii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán.

(**7** marc)

An t-atmaisféar a lua = **1** mharc
**Dhá** shampla = **3** mharc + **3** mharc

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(**7** marc)

Is maith/Ní maith = **1** mharc
**Dhá** fháth = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)

Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

## Scéim Mharcála Mhodhnaithe

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith, beidh a (h)uimhir scrúdaithe luaite ar na leatháin mharcála agus réiltín (*) taobh leis an scrúduimhir.

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.
Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

**Litriú**:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirtear línte dearga faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

**Cruinneas na Gaeilge**:

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfhocal…

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an uraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

Cuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- **An Chluastuiscint:** An mharcáil ar mheasúnú ar an nGaeilge [Gaeilge lochtach: 0-6 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - An measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc
- **Páipéar 2: Ceist 1: An Léamhthuiscint** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí [Léamhthuiscint A: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh agus Léamhthuiscint B: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 2: An Prós** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí próis [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 3: An Fhilíocht** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí filíochta [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - an measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc

| Aicme | Cur síos ar chatagóirí | Marc as 40 |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 34-40 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 28-33 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 22-27 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid maith go leor ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 16-21 |
| Lag | Cruinnúsáid lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 10-15 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4-9 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0-3 |

Ní mór don scrúdaitheoir "**SMM i bhfeidhm-scrúd.**" a scríobh ar chlúdaigh na bhfreagarleabhar nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

LEATHANACH

BÁN

LEATHANACH

BÁN

LEATHANACH

BÁN